# Tiomsú Airgid faoi chomhair Tionscadal Talún/Tógála

*(Nuashonraíodh an doiciméad faoi dheireadh i mí Lúnasa 2024)*

## 1. Réamhrá

Is féidir le scoileanna tiomsú airgid a dhéanamh chun tacú le tionscadal caipitil. Ní léirítear mar shócmhainní seasta sa Chlár Comhardaithe na scoile, cistí atá faighte le haghaidh talún ná foirgneamh mar atá leagtha amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – "D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfar, ná ní mheasfar aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach astu."

***Tabhair do d'aire:*** *I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d'iontaobhaithe agus ó d'iniúchóir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe. Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúchóir(í) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.*

## 2. Cóireáil Chuntasaíochta:

### 2.1 Nuair a fhaightear airgead ó thiomsú airgid faoi chomhair tionscadal caipitil

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Choistí Tiomsaithe Airgid ar obair chaipitil ar fhoirgnimh/ceannach talún | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2172 | Ioncam Eile Imfhálaithe gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

### 2.2 Cathain a chaitear airgead ó thiomsú airgid faoi chomhair tionscadail caipitil

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas ioncaim ó Thiomsú Airgid Coistí le haghaidh caipitil tionscadal talún/tógála | DR | 3960 | Costas Tiomsaithe Airgid don Chlár Caipitil Talún/Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Aistriú an t-ioncam ó thiomsú airgid a caitheadh chuig Cúlchistí Caipitil | DR | 2172 | Ioncam Eile Imfhálaithe gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3901 | Tionscadail Chaipitil Ioncam ó thiomsú airgid<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

### 2.3 Aistriú chuig an gCuntas Ciste Talún/Tógála

An bhliain tar éis don tionscadal caipitil talún/tógála a bheith críochnaithe, ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig cuntas an chiste tógála.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Na ranníocaíochtaí chuig costas an tionscadail chaipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Tógála | DR | 3901 | Ioncam ó Thiomsú Airgid faoi chomhair Tionscadail Chaipitil<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Costas an tionscadail talún/tógála caipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Tógála | DR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3960 | Costas Tiomsaithe Airgid don Chlár Caipitil Talún/Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

**Ciste Foirgnimh Diúltach:** I gcás go bhfuil níos mó airgid caite ag scoil ar thalamh agus foirgnimh ná mar a fuarthas, beidh iarmhéid diúltach nó iarmhéid dochair ar an gciste foirgnimh. Tá sé sin ag teacht leis an gcur chuige cuntasaíochta atá molta ag FSSU.

### 2.4 Cuntas ar an ioncam ó thiomsú airgid faoi chomhair tionscadail chaipitil gan chaitheamh

Is ioncam imfhálaithe é tiomsú airgid faoi chomhair tionscadail chaipitil agus ní mór an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoi chód ainmniúil 2172 'Ioncam Imfhálaithe Eile nár Caitheadh'.